Tá iarratais á lorg ó iarrthóirí oiriúnacha don phost seo a leanas:

Lárionad Taighde	SEALBHÚ, Scoil na Teanga, na Litearthachta agus an Oideachais Luath-Óige
Teideaal an Phoist	i gcomhpháirt leis an bhForas Taighde ar Oideachas Taighdeoir Iardhochtúireachta
Leibhéal ar an bhFRama	Leibhéal 1
Tréimhse an cheapacháin	Conradh ar Théarma Seasta suas go bliain go leith

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Is ollscoil cheannródaíoch nuálach Eorpach í Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC). Tá bród orainn go bhfuilimid ar cheann de na hOllscoileanna Óga atá chun tosaigh ar leibhéal domhanda agus go bhfuilimid áirithe ar an 2% is fearr ar domhan. Tá OCBÁC aitheanta mar Ollscoil Tionchair na hÉireann, agus é mar mhisean againn 'saol daoine agus an tsochaí a bhunathrú chun feabhais' trí bhéim a chur ar dhul i ngleic le Dúshláin Dhomhanda i gcomhar le príomh-chomhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta agus le páirtithe leasmhara.

Tá breis is 20,000 mac léinn ag freastal ar OCBÁC, agus iad i gcúig dhámh sna trí champas acadúla i gceantar Ghlas Naíon-Dhroim Conrach i mBaile Átha Cliath Thuaidh. A bhuí lena cur chuige nuálach i leith an teagaisc agus na foghlama, fágann a seal san Ollscoil 'lorg láidir ar na mic léinn', rud a fhorbraíonn céimithe a mbíonn an-tóir orthu. Tá OCBÁC sa chéad áit in Éirinn faoi láthair maidir le Ráta Fostaíochta Céimithe, agus maidir le hioncam céimithe (an Phríomh-Oifig Staidrimh).

Ollscoil diantaighde is ea DCU agus tá roinnt Ionad Taighde ann atá maoinithe ag SFI. Glacann an Ollscoil páirt i réimse comhpháirtíochtaí taighde Eorpacha agus idirnáisiúnta. Tá Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar an ollscoil Éireannach is mó i réimse an aistrithe teicneolaíochta mar a léirítear le ceadúnú maoine intleachtúla.

Mar institiúid a chuireann 'An Duine chun Tosaigh', tá Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath tiomanta don Chomhionannas, don Éagsúlacht agus don Ionchuimsiú — Ollscoil a chuidíonn le baill foirne agus le mic léinn dul chun cinn a dhéanamh. Tá an Ollscoil ar thús cadhnaíochta ó thaobh a cuid oibre chun rochtain ar oideachas a mhéadú, agus tá sí sa 10 dtír is fearr ar domhan chun neamhionannais a laghdú i Ranguithe Tionchair an Times Higher Education.

Mar chuid den ról seo iarrfar ar an taighdeoir bheith rannpháirteach i gCreat Gairme um Thaighde DCU. Tá an creat seo deartha i dtreo is go gcuirfear raon deiseanna um fhorbairt ghairmiúil ar fáil do thaighdeoirí agus go mbeidh na deiseanna is fearr acu maidir le conair ghairme níos leithne a fhorbairt.

Creat Gairme um Thaighde DCU
Mar chuid den ról seo iarrfar ar an taighdeoir bheith rannpháirteach i gCreat Gairme um Thaighde DCU. Tá an creat seo deartha i dtreo is go gcuirfear raon deiseanna um fhorbairt ghairmiúil ar fáil do thaighdeoirí agus go mbeidh na deiseanna is fearr acu maidir le conair ghairme níos leithne a fhorbairt.

An Foras Taighde ar Oideachas

Bunaíodh an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) mar Chomhlacht Reachtúil i gcomhréir leis an Acht Oideachais (1998) i mí Mheán Fómhair 2015, ach bhí sé ann ó mhí Eanáir 1966. D'fhoilsigh sé a plean straitéiseach reatha in Aibreán 2022. Tá de chúram aige trialacha agus tacaíochtaí a sholáthar do na tástálacha seo do scoileanna mar aon le taighde oideachasúil agus staidéir mheastóireachta a dhéanamh. Ón samhradh 2020, tagann an FTO faoi théarmaí Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Is féidir an clár oibre a roinnt ina seacht snáithe (le tuilleadh eolais ar fáil ag www.erc.ie): 1. Maoirseacht, seachadadh agus tuairisciú náisiúnta ar mheasúnuithe idirnáisiúnta ar mhórscála 2. Bainistíocht, maoirseacht agus tuairisciú ar mheasúnuithe náisiúnta ar mhórscála 3. Cur le polasaí ar, agus meastóireacht a dhéanamh maidir le, míbhuntáiste oideachais 4. Trialacha a fhorbairt, a chaighdeánú agus a thacú (i bhformáidí páipéir agus ar líne araon) 5. Meastóireacht cláir 6. Tacaíocht don anailís ar shonraí 7. Taighde a tionscnaítear go neamhspleách. Tá príomhfhoirgneamh an FTO lonnaithe ar Champas Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC), Campas Choláiste Phádraig, i nDroim Conrach agus tá Rannóg na dTrialacha in aice láimhe ar Bhóthar Richmond, Droim Conrach. Fostaíonn an FTO thart ar 40 ball foirne a bhíonn ag obair le chéile i mbuíonta beaga comhoibrithe. Tá foireann riaracháin agus foireann bainistíochta sinsearaí an FTO ann chun tacú leis an obair, comhdhéanta den Phríomhfheidhmeannach, taighdeoirí sinsearacha, riarthóirí sinsearacha agus bainisteoir TF. Bíonn an FTO i dteagmháil le rannóga éagsúla den Roinn Oideachais agus le gníomhaireachtaí eile agus é i mbun a thionscadail taighde, agus bítear páirteach i raon coistí comhairleacha agus stiúrtha, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Cúlra agus Próifíl an Róil

Beidh an té a cheapfar fostaithe ag SEALBHÚ, Lárionad Taighde DCU um Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge. Beidh an taighdeoir iardhochtúireachta ina b(h)all de ghrúpa atá ag obair ar an Measúnú ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Oibreoidh an taighdeoir go dlúth le baill foirne an FTO chun taighde a chur i gcrích idir Iúil 2023 agus deireadh na Scéime i Mí na Nollag, 2024. Beidh an taighdeoir freagrach do Phríomh-Imscrúdaitheoir na taighde agus do Stiúrthóir SEALBHÚ in DCU.

Is féidir cur síos a fháil ar an Measúnú ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta ag: https://www.erc.ie/programme-of-work/measunu-ar-an-sceim-aitheantais-scoileanna-gaeltachta/

Príomhdhualgais agus Freagrachtaí

Féach an cur síos ar an bpost

Cáilíochtaí an Iarrthóra Riachtanach:

- Céim PhD nó a hiontamhail sa Ghaeilge, nó i réimse gaolmhar cuí
- Is gá d'iarrthóirí bheith líofa sa Ghaeilge agus caighdeán an-ard a léiriú i gcruinneas na Gaeilge scríofa, ar an leibhéal is gá chun tuairiscí ar an taighde a scríobh nó a phrofáil*

*D'fhéadfadh scrúdú Gaeilge a bheith mar chuid den phróiseas iarratais

Inmhianaithe:

- Tuiscint ar pholasaithe a bhaineann leis an oideachas Gaeltachta
- Taithí ar thaighde a dhéanamh i gceann de na réimsí seo a leanas: oideachas lán-Ghaeilge/Gaelscolaíocht, Cultúr na Gaeltachta, Gaelscolaíocht
- Taithí ar a bheith ag obair trí Ghaeilge i ról taighde
- Taithí ar fhoilseacháin acadúla a ullmhú

- Taithí ar thaighde a chur i láthair go poiblí
- Taithí riaracháin
- Bheith ábalta feidhmiú go héifeachtach mar chuid d'fhoireann
- Bheith dea-eagraithe, tionscantach agus in ann spriocanna a chomhlíonadh
- Ardscileanna cumarsáide agus idirphearsanta

Déanfar iarrthóirí a mheas ar na hinniúlachtaí seo a leanas:

Eolas disciplíneach agus Scileanna taighde – Léiríonn eolas ar a ndisciplín taighde agus an cumas taighde a chur i gcrích sa réimse sin.

Tuiscint ar an Timpeallacht Taighde – Léiríonn tuiscint ar an timpeallacht taighde (m.sh., eagrais mhaoinithe) agus an cumas cuidiú le hiarratasi ar mhaoiniú

Taighde a chur i láthair – Léiríonn an cumas a chuid taighde a chur in iúl dá gcuid comhghleacaithe agus don phobal taighde trí chéile (mar shampla, cur i láthair a dhéanamh ag comhdhálacha agus taighde a fhoilsiú in irisí cuí) agus na cumas mic leinn a theagasc

Scileanna ceannaireachta agus bainistíochta - Léiríonn an cumar tionscadal taighde a bhainistiú agus feitheoireacht a dhéanamh ar mhic léinn fhochéime

Eolas ar an gcóras oideachais – Tuiscint ar an gcóras oideachais in Éirinn, agus go háirithe oideachas trí mheán na Gaeilge

Oiliúint Éigeantach
Ní mór don sealbhóir poist an oiliúint chomhlíonta éigeantach seo a leanas a chur i gcrích: Ionduchtú, Sláinte & Sábháilteacht agus Cosaint Sonraí (GDPR) **agus gach oiliúint ar fheasacht chibearshlándála.** Féadfaidh gur gá tabhairt faoi oiliúint eile nuair is cuí.

Scálaí Tuarastail: *Scála Tuarastail Taighdeora Iardhochtúireachta COÉ: €42,033 - €54,153 in aghaidh na bliana.
**Déanfar an ceapachán i gcomhréir le cáilíochtaí agus taithí an iarrthóra, agus de réir pholasaí pá reatha an Rialtais.*

Príomháit Oibre
Is é an phríomhionad oibre ná oifig an Fhorais Taighde ar Oideachas atá lonnaithe ar Champas Phádraig, Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Droim Conrach, B.A.C. 9. Beidh an taighdeoir in ann obair ón mbaile ar laethanta áirithe, ach socrú a dhéanamh leis an bhForas maidir leis seo.

Spriocdháta: 07 Iúil 2023
Fiosrúcháin neamhfhoirmeálta:
Prof. Pádraig Ó Duibhir. Email: padraig.oduibhir@dcu.ie
Dr Gerry Shiel. Email: gerry.shiel@erc.ie

Ná cuir iarratais chuig an seoladh r-phoist seo, ach chuig an seoladh r-phoist thíos.

Cur Chuige Iarratais
Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar shuíomh gréasáin Fholúntais Reatha DCU
https://www.dcu.ie/hr/vacancies-current-vacancies-external-applicants

Ba cheart iarratais i nGaeilge ar an bhfoirm oifigiúil a sheoladh ar r-phost chuig:
hr.applications@dcu.ie

Luaigh go soiléir san iarratas uait agus i líne ábhair an r-phoist an post a bhfuil tú ag cur isteach air: RF1872 Taighdeoir Iardhochtúireachta

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. I gcomhréir le hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015, tá an Ollscoil tiomanta do chaitheamh go cothrom leo siúd uile a bheidh ag plé lena nósanna imeachta earcaíochta, roghnúcháin agus ceapacháin. Léiríonn Dámhachtain Chré-Umha Athena SWAN na hOllscoile a tiomantas i leith chur chun cinn an chomhionannais inscne agus réiteach bearnaí pá ar bhonn inscne. Tá eolas ar réimse polasaithe Ollscoile a bhfuil mar aidhm acu timpeallacht oibre thacúil sholúbtha a chothú ar fáil sna DCU Policy Starter Packs